



**An Phríomh-Oifig Staidrimh**  
Central Statistics Office

**Daonáireamh**  
**2011**  
**TORTHAÍ**  
[www.cso.ie](http://www.cso.ie)

## **Preas Ráiteas** **Press Statement**

### **Torthaí Daonáirimh 2011** **Próifíl 1 Baile agus Tír – Dáileadh agus Gluaiseachtaí Daonra agus** **Daonra de réir Ceantair**

D'fhoilsigh an Phríomh-Oifig Staidrimh dhá fhoilseachán eile ina sraith de thorthaí Dhaonáireamh 2011 inniu, rud ina léirítear gurbh ionann dlús daonra an Stáit i 2011 agus 67 duine in aghaidh an km<sup>2</sup>, ardú ó 62 duine in aghaidh an km<sup>2</sup> a taifeadh i 2006.

Déantar scrúdú in dhá fhoilseachán an lae inniu, "*Próifíl 1 Baile agus Tír – Dáileadh agus Gluaiseachtaí Daonra*" agus "*Daonra de réir Ceantair*" ar ábhair amhail dáileadh geografach an daonra, dlús daonra agus imirce inmheánach.

Deirdre Cullen, Staitisteoir Sinsearach leis an CSO: "Is ionann an tuarascáil phróifíle seo agus an chéad cheann de réimse deich dtuarascáil phróifíle ina ndéantar scrúdú níos mine ar thorthaí Dhaonáireamh 2011. Leanann sé lenár gcur chuige foilsithe maidir le níos mó léirmhíneithe agus anailíse ar na sonraí a thabhairt le cur i láthair léiriúcháin, le léarscáileanna téamacha agus le tráchtairacht atá furasta le léamh."

Tá na tuarascálacha iomlána ar fáil ar shuíomh Gréasáin an CSO ag [www.cso.ie/census](http://www.cso.ie/census), chomh maith leis na sonraí uile atá ar fáil i réimse táblaí idirghníomhacha Gréasáin a ligeann d'úsáideoirí cuardach agus tógáil a dhéanamh ar a dtáblaí féin trí na sonraí a bhfuil spéis acu iontu a roghnú agus a íoslódáil i bhformáid atá éasca le húsáid ar mhaithe lena n-anailís féin.

I gcomhar leis an bhFaireachlann Taighde Uile-Éireann (AIRO) ag OÉ Má Nuad, tá sonraí daonáirimh achomair ar fáil anois i léarscáileanna téamacha do Cheantair Thoghcháin agus do gach Ceantar Beag ar shuíomh Gréasáin an AIRO. Lean an nasc ó shuíomh Gréasáin an CSO.

Clúdófar ábhair eile i dtuarascálacha próifíle breise a eiseofar le linn 2012 agus in dhá fhoilseachán achomair, "*Seo í Éire – Buaicphointí ó Dhaonáireamh 2011, Cuid 1*" (a foilsíodh i mí an Mhárta 2012), ina ndéileáiltear le tosca déimeagrafacha, agus "*Seo í Éire - Buaicphointí ó Dhaonáireamh 2011, Cuid 2*" (a fhoilseofar i mí an Mheithimh 2012), ina gclúdófar téamaí socheacnamaíocha. Is féidir liosta iomlán d'fhoilseacháin atá beartaithe a fháil sna hagusíní sa dá thuarascáil.

### **Buaicphointí na tuarascála**

#### **Dlús daonra in Éirinn**

B'ionann dlús daonra an Stáit i 2011 agus 67 duine in aghaidh an km<sup>2</sup>, ardú ó 62 duine in aghaidh an km<sup>2</sup> a taifeadh i 2006. B'ionann an meándlús daonra i gceantair uirbeacha agus 1,736 duine in aghaidh an km<sup>2</sup> i gcomparáid le 26 duine in aghaidh an km<sup>2</sup> i gceantair thuithe.

#### **Achar tuaithe uirbí agus tuaithe**

I 2011 ní raibh cónaí ar an daonra uirbeach (a chuimsíonn 62 faoin gcéad den daonra iomlán) ach ar 2.4 faoin gcéad den achar iomlán talún.

#### **Uirbiú**

Tá Liatroim ar an gcontae is tuaithe sa tír, agus tá cónaí ar bheagnach 90 faoin gcéad den daonra i suíomh tuaithe. Ní raibh méadú ag aon chontae ar scair an phobail tuaithe ó 2006.

Tuilleadh/...



An Phríomh-Oifig Staidrimh  
Bóthar na Sceiche Airde  
Corcaigh  
Éire

*Oifig i mBaile Átha Cliath*  
+353 1 498 4000

Central Statistics Office  
Skehard Road  
Cork  
Ireland

*Dublin Office*  
+353 1 498 4000



LoCall 1890 313 414 (ROI)  
0808 234 7581 (UK/NL)  
+353 21 453 5000  
+353 21 453 5555  
information@cs0.ie  
[www.cso.ie](http://www.cso.ie)



## **Bailte agus Cathracha**

Choinnigh Droichead Átha a sheasamh mar bhaile is mó in Éirinn le 38,578 duine. Bhí Inis (25,360) fós ar an mbaile is mó i gCúige Mumhan. Ba é an baile is mó i gCúige Chonnacht ná Sligeach le daonra 19,452 duine, agus bhí Leitir Ceanainn ar an mbaile is mó i gCúige Uladh (cuid di) le daonra 19,588 duine.

Bhí na bailte is mó fás i dtéarmaí céatadán i 2011 suite go príomha laistigh de réimse daonra 1,500-3,000 duine. Bhí Teach Sagard i mBaile Átha Cliath Theas ar an mbaile is mó fás idir 2006 agus 2011 nuair a tháinig méadú beagnach 150 faoin gcéad ar a dhaonra ó 868 duine i 2006 go 2,144 duine i 2011.

## **Saol na Cathrach**

Rugadh i gContae Chorcaí trí cheathrú de chónaitheoirí Éireannacha a bhí san áireamh i gcathair Chorcaí. I gcodarsnacht leis sin, rugadh i gContae na Gaillimhe níos lú ná leath dóibh siúd i gcathair na Gaillimhe, agus rugadh duine amháin as gach ceathrar lasmuigh den Stát, rud a fhágann go raibh Gaillimh ar an gcathair is idirnáisiúnta den chúig chathair. Rugadh lasmuigh den stát duine amháin as gach cúigear a bhí san áireamh i gcathair Bhaile Átha Cliath.

## **Cé a bhog?**

Bhog díreach os cionn 273,000 gnáthchónaitheoir (nó 6.2 faoin gcéad de gach gnáthchónaitheoir atá aon bhliain d'aois nó níos mó) sa bhliain go mí Aibreáin 2011, i gcomparáid le 322,030 duine a bhog i 2006, titim 15 faoin gcéad. Cheannaigh 14,707 teaghlach a bhog a dteach nua le morgáiste nó le hiasacht.

Bhog 14,739 duine os cionn aon bhliana d'aois as Contae Bhaile Átha Cliath sa bhliain roimh Dhaonáireamh 2011, agus bhí Cill Dara ar an gceann scríbe is coitianta.

## **Le haghaidh cóipeanna den fhoilseachán:**

Chun féachaint ar an bhfoilseachán agus é a íoslódáil, tabhair cuairt ar shuíomh Gréasáin an CSO ag [www.cso.ie/census](http://www.cso.ie/census).

## **Le haghaidh breis eolais téigh i dteagmháil le:**

Shaun McLaughlin ar (01) 895 1474

An Phríomh-Oifig Staidrimh, Campas Gnó Shoird, Bóthar Bhaile Anraí, Sord, Co. Bhaile Átha Cliath

Fiosrúcháin Daonáirimh: (01) 895 1460

Facs: (01) 895 1399

R-phost: [census@cso.ie](mailto:census@cso.ie)

Idirlíon: [www.cso.ie](http://www.cso.ie)